*Uimhir* 18 *de* 2021

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 18 *de* 2021

# AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (LEASÚ), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Mínithe
2. Modhnú ar oibriú alt 9 d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19
3. Modhnú ar oibriú ailt 11 agus 11B d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19
4. Modhnú ar oibriú alt 12 d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19
5. Modhnú ar ról an tionóil réigiúnaigh, ag féachaint do Covid-19
6. Modhnú ar oibriú alt 31AM d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19
7. Modhnú ar oibriú alt 42 d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19
8. Modhnú ar oibriú Chuid XAB d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19
9. Leasú ar alt 181 d'Acht 2000
10. Leasú ar an gCúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000
11. Gearrtheideal agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 (Uimh 17)

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)

*Uimhir* 18 *de* 2021

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (LEASÚ), 2021**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000; mar fhreagairt don chur isteach a ghabhann le srianta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, do dhéanamh socrú maidir le tréimhse bhreise le haghaidh ullmhú pleananna forbartha a éileoidh údaráis phleanála, go bhféadfaidh údaráis phleanála ré pleananna forbartha láithreacha a fhadú go dtí go n-ullmhófar agus go ndéanfar pleananna forbartha nua, faoi réir an cheanglais go ndéanfar measúnachtaí comhshaoil áirithe, maidir le fógra a thabhairt d’Oifig an Rialálaí Pleanála agus do dhaoine eile i dtaobh tograí chun ré pleananna forbartha láithreacha a fhadú, maidir le ré na tréimhse cuí le haghaidh ceadanna pleanála áirithe a fhadú tuilleadh; agus do dhéanamh socrú maidir le leasuithe ar alt 181 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun gnóthairí reachtúla a áireamh agus ar an gCúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin chun socrú a dhéanamh maidir le coinníoll breise nach mbeidh cúiteamh iníoctha i leith a fhorchuir; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [10 *Iúil* 2021]

DE BHRÍ go raibh, agus go bhfuil fós, baol tromaí ann don tsláinte phoiblí mar gheall ar an ngalar ar a dtugtar Covid-19, agus gur léir gur deacair tarchur an ghalair sin a chosc;

AGUS DE BHRÍ go raibh sé riachtanach, agus go leanann sé de bheith riachtanach, don Stát a bheith in ann freagairt go tapa agus bearta urghnácha a dhéanamh d’fhonn maolú a dhéanamh, a mhéid is indéanta, ar na droch-iarmhairtí eacnamaíocha atá mar thoradh, nó is dóigh a bheidh mar thoradh, ar leathadh an ghalair sin agus maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige ar údaráis phleanála agus ar an gcur isteach ar riaradh an chórais pleanála agus forbartha agus bearta teagmhasacha a chur i bhfeidhm d’fhonn oibriú éifeachtach leanúnach de ghnéithe den phróiseas pleanála a chinntiú agus an cur isteach ar obair foirgníochta a ghabhann leis na srianta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 a chur i gcuntas agus a chur i gcuntas gur cuireadh srianta substaintiúla ar chearta daoine ó tharla nárbh fhéidir leo forbairt a bhí údaraithe de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 a thosú ná leanúint di;

AGUS DE BHRÍ go bhfuil, maidir le *hailt 2* go *8* den Acht seo, na nithe dá dtagraítear sna réamhaithrisí roimhe seo curtha i gcuntas ag an Oireachtas;

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Mínithe**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000;

ciallaíonn “Aire” an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Modhnú ar oibriú alt 9 d’Acht 2000, ag féachaint do Covid-19**

**2.** Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9:

“**9A.** (1) D’ainneoin fho-ailt (1), (1A) agus (1B) d’alt 9 ach faoi réir an ailt seo, i gcás go mbeidh athbhreithniú ar phlean forbartha agus ullmhú plean forbartha nua dá dtagraítear i mír (a), (aa) nó (ab) d’alt 11(1) (de réir mar a mhodhnófar le halt 11(1)(b)) nó in alt 11B, nó sa dá alt de réir mar a bheidh, tosaithe ach nach mbeidh sé críochnaithe roimh an dáta a thiocfaidh *alt 2* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh, féadfaidh údarás pleanála breith a thabhairt, ag féachaint do na himthosca urghnácha a eascraíonn as an mbaol atá ann don tsláinte phoiblí de dheasca Covid-19 a bheith ag leathadh agus as an gcur isteach ar an athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus ar phlean forbartha nua a ullmhú, ar cur isteach é a ghabhann le srianta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, go bhféadfadh go mbeadh gá le, agus gur chuí, tréimhse bhreise suas le haon bhliain amháin ach nach sia ná sin chun an t-athbhreithniú a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh dá limistéar feidhme.

(2) D’ainneoin fho-ailt (1), (1A) agus (1B) d’alt 9 ach faoi réir an ailt seo, i gcás go mbeidh athbhreithniú ar phlean forbartha agus ullmhú plean forbartha nua dá dtagraítear i mír (a), (aa) nó (ab) d’alt 11(1) (de réir mar a mhodhnófar le halt 11(1)(b)) nó in alt 11B, nó sa dá alt de réir mar a bheidh, tosaithe ach nach mbeidh sé críochnaithe roimh an dáta a thiocfaidh *alt 2* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh, féadfaidh comhaltaí údaráis pleanála, le glantromlach, rún a cheadú, ag féachaint do na himthosca urghnácha a eascraíonn as an mbaol atá ann don tsláinte phoiblí de dheasca Covid-19 a bheith ag leathadh agus as an gcur isteach ar an athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus ar phlean forbartha nua a ullmhú, ar cur isteach é a ghabhann le srianta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, á rá go bhféadfadh go mbeadh gá le, agus gur chuí, tréimhse bhreise suas le haon bhliain amháin ach nach sia ná sin chun an t-athbhreithniú a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh dá limistéar feidhme agus an rún sin a chur faoi bhráid phríomhfheidhmeannach an údaráis pleanála mar aon leis na cúiseanna a bheidh tugtha ag comhaltaí an údaráis le teacht ar an rún.

(3) D’ainneoin fho-ailt (1), (1A) agus (1B) d’alt 9 ach faoi réir an ailt seo agus alt 11D agus tar éis breith a thabhairt faoi alt 11D(9) chun ré a phlean forbartha láithrigh a fhadú nó, i gcás go mbeidh feidhm ag alt 11B, ré a phleananna forbartha láithreacha a fhadú, féadfaidh comhaltaí údaráis

pleanála breith a thabhairt, le rún, go bhfuil gá le tréimhse bhreise chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh.

(4) Aon tráth tar éis breith a thabhairt faoi fho-alt (3), féadfaidh údarás pleanála breith a thabhairt, de réir an fho-ailt sin, go bhféadfadh go mbeadh gá le tréimhse bhreise nó tréimhsí breise sa bhreis ar an tréimhse a bheidh sonraithe sa bhreith ach, maidir leis an tréimhse charnach a dtabharfaidh an t-údarás breith ina taobh gur gá í chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh, ní sia ná aon bhliain amháin í.

(5) I gcás go dtabharfaidh údarás pleanála breith, de réir fho-alt (3), go bhfuil gá le tréimhse bhreise nó tréimhsí breise chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh, déanfaidh an t-údarás pleanála lena mbaineann, a luaithe is féidir tar éis an bhreith nó na breitheanna a thabhairt, de réir mar a bheidh, fógra faoin mbreith no faoi na breitheanna atá tugtha aige a thabhairt d'Oifig an Rialálaí Pleanála agus déanfaidh an t-údarás pleanála clár táscach chun plean forbartha nua a dhéanamh laistigh den tréimhse bhreise sin nó de na tréimhsí breise sin a sholáthar d'Oifig an Rialálaí Pleanála.

(6) San alt seo, ciallaíonn "Covid-19" galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981), agus de réir an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin.

(7) Scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis an 1 Eanáir 2024.".

**Modhnú ar oibriú ailt 11 agus 11B d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19**

**3.** Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11C:

**"11D.** (1) D'ainneoin mhíreanna (a), (aa) agus (ab) d'fho-alt (1) d'alt 11 (de réir mar a mhodhnófar le halt 11(1)(b)) agus fho-ailt (2), (3) agus (4) d'alt 11B ach faoi réir fho-ailt (2) go (9), i gcás go dtabharfaidh údarás pleanála breith de réir alt 9A(1), nó go gceadóidh comhaltaí den údarás pleanála rún faoi alt 9A(2) á rá, go bhféadfadh go mbeadh gá leis an tréimhse, chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha láithreach a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú dá limistéar feidhme, a fhadú go dtí go ndéanfaidh údarás pleanála a phlean forbartha nua, féadfaidh an t-údarás pleanála breith a thabhairt ré an phlean forbartha láithrigh dá limistéar a fhadú go ceann tréimhse bhreise nó tréimhsí breise nach sia ná aon bhliain amháin.

(2) Sula dtabharfaidh sé breith faoi fho-alt (9), beidh an t-údarás pleanála deimhin de—

(a) nach dóigh, maidir leis an éifeacht a bheidh ag an bhfadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh don limistéar nuair a

dhéanfar é a bhreithniú as féin nó, de réir mar is cuí, nuair a dhéanfar é a bhreithniú in éineacht le haon fhadú a rinneadh roimhe sin ar an bplean sin, go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an gcomhshaol ná nach dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach aige ar láithreán Eorpach, ná orthu araon, nó,

(b) go ndearnadh measúnacht straitéiseach chomhshaoil nó measúnacht chuí nó an dá mheasúnacht sin, de réir mar is gá, ar an éifeacht a bheidh ag an bhfadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh don limistéar nuair a dhéanfar é a bhreithniú as féin nó, de réir mar is cuí, nuair a dhéanfar é a bhreithniú in éineacht le haon fhadú a rinneadh roimhe sin ar an bplean sin.

(3) I gcás go mbeartóidh údarás pleanála ré plean forbartha láithrigh a fhadú, déanfaidh sé—

(a) fógra a thabhairt don Aire, d’Oifig an Rialálaí Pleanála, don Bhord, don tionól réigiúnach iomchuí agus, i gcás gur cuí, d’aon údarás pleanála tadhlach, do na húdaráis fhorordaithe, agus d’aon choiste áitiúil forbartha pobail laistigh de limistéar an phlean forbartha, agus

(b) fógra faoin bhfadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa limistéar sin.

(4) Maidir le fógra faoi fho-alt (3)—

(a) luafar ann go bhfuil beartaithe ag an údarás pleanála ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú d’fhonn tréimhse bhreise ama a sholáthar, ar tréimhse ama í a shonrófar san fhógra ach nach sia ná tréimhse bliana, chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh,

(b) luafar ann go bhféadfar cóip d’aon mheasúnacht iomchuí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a iniúchadh in áit nó in áiteanna a luafar agus ag tráthanna a luafar, agus ar shuíomh gréasáin an údaráis, le linn tréimhse a luafar, is tréimhse nach giorra ná 4 seachtaine (agus go gcoimeádfar an chóip lena hiniúchadh dá réir sin), agus

(c) cuirfear in iúl ann go ndéanfar aighneacht a bheidh déanta chuig an údarás pleanála nó tuairim a bheidh tugtha dó, maidir leis an bhfadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh, laistigh de thréimhse shonraithe nach lú ná 4 seachtaine ó dháta an fhógra, a chur i gcuntas sula dtabharfar breith i dtaobh ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú nó gan í a fhadú.

(5) (a) Tráth nach déanaí ná 8 seachtaine tar éis fógra a thabhairt faoi fho-alt (3), ullmhóidh an príomhfheidhmeannach ar údarás pleanála tuarascáil ar aon aighneachtaí nó tuairimí a bheidh faighte faoin bhfo-alt sin agus cuirfidh sé nó sí an tuarascáil faoi bhráid chomhaltaí an údaráis lena mbreithniú a dhéanamh uirthi.

(b) Déanfar tuarascáil ó phríomhfheidhmeannach, a bheidh ullmhaithe chun críocha mhír (a), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis

pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis faoin mír sin.

(c) Maidir le tuarascáil faoi mhír (a)—

(i) liostófar inti na daoine nó na comhlachtaí a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí faoin alt seo,

(ii) soláthrófar achoimre inti ar na saincheisteanna a dúisíodh sna haighneachtaí a rinneadh agus sna tuairimí a tugadh i ndáil leis an togra chun ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú de réir an ailt seo, agus

(iii) tabharfar inti freagra an phríomhfheidhmeannaigh ar na saincheisteanna a dúisíodh.

(6) Le linn dóibh breithniú a dhéanamh i dtaobh ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú, ní dhéanfaidh comhaltaí údaráis pleanála breithniú ach amháin ar na nithe seo a leanas—

(a) na cúiseanna dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2) d'alt 9A gur dóigh leo go mbeadh gá le tréimhse bhreise chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh, agus

(b) maidir leis an éifeacht a bheidh ag an bhfadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh, nuair a dhéanfar é a bhreithniú as féin nó, de réir mar is cuí, nuair a dhéanfar é a bhreithniú in éineacht le haon fhadú a rinneadh roimhe sin ar an bplean sin, an dóigh dó—

(i) éifeachtaí suntasacha a bheith aige ar an gcomhshaol nó éifeacht shuntasach a bheith aige ar láithreán Eorpach, nó orthu araon, nó

(ii) éifeachtaí dochracha a bheith aige ar shláine láithreáin Eorpaigh.

(7) Chun críocha fho-alt (2)(a), le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh an mbeadh nó nach mbeadh éifeacht shuntasach ag an bhfadú ar ré an phlean forbartha láithrigh, nuair a dhéanfar é a bhreithniú as féin nó, de réir mar is cuí, nuair a dhéanfar é a bhreithniú in éineacht le haon fhadú a rinneadh roimhe sin ar an bplean sin, ar láithreán Eorpach, déanfaidh údarás pleanála scagadh le haghaidh measúnacht chuí de réir alt 177U.

(8) Chun críocha fho-alt (2)(b), i gcás gur gá, déanfaidh údarás pleanála measúnacht chuí ar an bhfadú ar ré an phlean forbartha láithrigh, nuair a dhéanfar é a bhreithniú as féin nó, de réir mar is cuí, nuair a dhéanfar é a bhreithniú in éineacht le haon fhadú a rinneadh roimhe sin ar an bplean sin, de réir Chuid XAB.

(9) (a) Déanfaidh comhaltaí údaráis pleanála an fadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh agus tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú faoi fho-alt (5).

(b) Féadfaidh comhaltaí an údaráis, tar éis dóibh an fadú atá beartaithe ar ré an phlean forbartha láithrigh agus tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú, breith a thabhairt, le vóta i

bhfabhar an rúin, le glantromlach chomhaltaí an údaráis pleanála lena mbaineann atá i láthair ag gnáthchruinniú nó ag cruinniú speisialta, chun ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú go ceann tréimhse nach sia ná aon bhliain amháin.

(10) (a) I gcás go ndéanfaidh údarás pleanála ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú faoin alt seo, déanfaidh sé—

(i) fógra á rá sin a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear ina limistéar, agus

(ii) fógra a thabhairt don Aire, d'Oifig an Rialálaí Pleanála, don Bhord, don tionól réigiúnach iomchuí agus, i gcás gur cuí, d'aon údarás pleanála tadhlach, do na húdaráis fhorordaithe, agus d'aon choiste áitiúil forbartha pobail laistigh de limistéar an phlean forbartha.

(b) Luafar i bhfógra faoin bhfo-alt seo go bhfuil cóip den phlean forbartha, arna fhadú, ar fáil lena hiniúchadh in áit nó in áiteanna a luafar (agus coimeádfar an chóip ar fáil lena hiniúchadh dá réir sin).

(11) Ní cheisteoidh duine bailíocht an fhadaithe ar ré plean forbartha de bhíthin amháin nach ndearnadh na nósanna imeachta a cheanglaítear leis an alt seo a chríochnú laistigh den tréimhse ama a cheanglaítear.

(12) I gcás go ndéanfar ré plean forbartha láithrigh a fhadú faoin alt seo, leanfaidh an plean forbartha sin d'éifeacht a bheith leis go dtí go nglacfaidh plean forbartha nua éifeacht faoi alt 12, agus scoirfidh an plean forbartha láithreach d'éifeacht a bheith leis an tráth sin.

(13) I gcás go dtabharfaidh údarás pleanála breith faoi alt 9A(3) go bhfuil gá le tréimhse bhreise nó tréimhsí breise chun an t-athbhreithniú ar an bplean forbartha láithreach a chríochnú agus chun plean forbartha nua a ullmhú agus a dhéanamh, féadfaidh sé breith eile a thabhairt, de réir an ailt seo, chun ré an phlean forbartha láithrigh a fhadú ach ní sia ná aon bhliain amháin an tréimhse charnach a bhainfidh le haon fhadú breise nó le haon fhaduithe breise ar ré an phlean sin.

(14) San alt seo, aon tagairt do phlean forbartha láithreach, i gcás go mbeidh feidhm ag alt 11B, folóidh sí tagairt do phleananna forbartha láithreacha.

(15) Scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis an 1 Eanáir 2024.".

**Modhnú ar oibriú alt 12 d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19**

**4.** Leasaítear alt 12 d'Acht 2000 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (14):

"(14A) Le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 4* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an 31 Nollaig 2023, d'ainneoin an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (14) a bheith imithe in éag, ní dhéanfaidh an príomhfheidhmeannach an plean forbartha faoi fho-alt (14)(a) más rud é, i gcás go mbeidh feidhm ag alt 9A, go ndéanfaidh an t-údarás pleanála an plean le linn aon tréimhse a bheidh fadaithe de réir an ailt sin 9A.".

**Modhnú ar ról an tionóil réigiúnaigh, ag féachaint do Covid-19**

**5.** Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 27C:

**“27D.** (1) I gcás go bhfaighidh tionól réigiúnach fógra ó údarás pleanála faoi alt 11D(3) ullmhóidh sé aighneachtaí agus tuairimí chun críocha na forála sin.

(2) Déanfaidh an tionól réigiúnach cóip de na haighneachtaí agus de na tuairimí a sheoladh chuig an údarás pleanála lena mbaineann, chuig an Aire agus chuig Oifig an Rialálaí Pleanála.

(3) Scoirfidh an t-alt seo d’éifeacht a bheith leis an 1 Eanáir 2024.”.

**Modhnú ar oibriú alt 31AM d’Acht 2000, ag féachaint do Covid-19**

**6.** Leasaítear alt 31AM d’Acht 2000 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(9A) Le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 6* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an 31 Nollaig 2023—

(a) forléireofar fo-alt (1) agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (a):

‘(aa) fógra arna thabhairt faoi alt 11D(3) ag údarás pleanála don Oifig chun críocha an ailt sin i dtaobh é a bheith ar intinn ag an údarás pleanála ré a phlean forbartha láithrigh a fhadú,’,

(b) forléireofar fo-alt (4) agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (a):

‘(aa) faoi alt 11D(5), i leith ré plean forbartha láithrigh a fhadú,’,

agus

(c) forléireofar fo-alt (5) agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (c):

‘(d) aon tuairimí a thabharfaidh sé d’údarás pleanála nó aon aighneachtaí a dhéanfaidh sé chuig údarás pleanála faoi alt 27D(2) i leith ré plean forbartha láithrigh a fhadú.’.”.

**Modhnú ar oibriú alt 42 d’Acht 2000, ag féachaint do Covid-19**

**7.** Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 42:

**“42B.** Le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 7* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an 31 Nollaig 2023, forléireofar alt 42 agus beidh éifeacht leis—

(a) amhail is dá gcuirfí an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

‘(1B) D’ainneoin aon ní dá mhalairt i bhfo-alt (1), (1A) nó (4), déanfaidh údarás pleanála—

(a) maidir le cead áirithe i leith forbartha, agus

(b) ar iarratas a bheith déanta go cuí chuig an údarás ina leagtar amach na cúiseanna nach féidir an fhorbairt a chríochnú go réasúnach laistigh den tréimhse chuí,

an tréimhse chuí a fhadú tuilleadh, arna fadú nó arna fadú tuilleadh, de cibé tréimhse bhreise nach sia ná 2 bhliain, nó go dtí an 31 Nollaig 2023, cibé acu is túisce a tharlóidh, ach ní fhadóidh an t-údarás an tréimhse sin amhlaidh ach amháin más rud é, maidir leis an údarás—

(i) gur deimhin leis nach mbeadh gá le measúnacht tionchair chomhshaoil ná le measúnacht chuí i ndáil leis an bhfadú atá beartaithe ar an tréimhse iomchuí,

(ii) go mbreithneoidh sé gur gá an fadú chun a chumasú an fhorbairt, lena mbaineann an cead, a chríochnú,

(iii) gur deimhin leis go bhfuil an t-iarratas de réir cibé rialacháin faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2021 a bhfuil feidhm acu maidir leis an iarratas,

(iv) gur deimhin leis go gcomhlíontar aon cheanglais de chuid na rialachán sin, nó arna ndéanamh faoi na rialacháin sin, maidir leis an iarratas,

(v) gur deimhin leis, maidir leis an bhforbairt lena mbaineann an cead—

(I) gur tosaíodh í, agus

(II) go ndearnadh oibreacha suntasacha,

roimh dhul in éag don tréimhse chuí, arna fadú nó arna fadú tuilleadh, agus

(vi) gur deimhin leis i gcás ceada—

(I) i gcás go ndeachaigh nó go dtéann an tréimhse chuí, arna fadú nó arna fadú tuilleadh, in éag le linn na tréimhse dar tosach an 8 Eanáir 2021, agus dar críoch an lá roimh an dáta a thiocfaidh *alt 7* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh, go bhfuil an t-iarratas déanta go cuí laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh an *t-alt* sin *7* i ngníomh, nó

(II) i gcás go rachaidh an tréimhse chuí, arna fadú nó arna fadú tuilleadh, in éag an dáta a thiocfaidh *alt 7* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh nó dá éis sin, go bhfuil an t-iarratas déanta go cuí laistigh den tréimhse fhorordaithe chun críocha alt 43(2).’,

(b) amhail is dá ndéanfaí i bhfo-alt (2)—

(i) le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 7* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an dáta a scoirfidh na leasuithe ar alt 42 arna ndéanamh le halt 28(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 d'éifeacht a bheith leo, 'faoi fho-alt (1), (1A) nó (1B)' a chur in ionad 'faoi fho-alt (1) nó (1A)', agus

(ii) le linn na tréimhse dar tosach an dáta arb é an lá i ndiaidh an dáta é a scoirfidh na leasuithe ar alt 42 arna ndéanamh le halt 28(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 d'éifeacht a bheith leo, 'faoi fho-alt (1) nó (1B)' a chur in ionad 'faoi fho-alt (1)',

agus

(c) amhail is dá ndéanfaí i bhfo-alt (4)—

(i) le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 7* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an dáta a scoirfidh na leasuithe ar alt 42 arna ndéanamh le halt 28(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 d'éifeacht a bheith leo, 'Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1A) nó (1B), tabharfar breith' a chur in ionad 'Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1A), tabharfar breith', agus

(ii) le linn na tréimhse dar tosach an dáta arb é an lá i ndiaidh an dáta é a scoirfidh na leasuithe ar alt 42 arna ndéanamh le halt 28(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 d'éifeacht a bheith leo, 'Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1B), tabharfar breith' a chur in ionad 'Déanfar cinneadh'.".

**Modhnú ar oibriú Chuid XAB d'Acht 2000, ag féachaint do Covid-19**

**8.** Leasaítear Cuid XAB d'Acht 2000—

(a) in alt 177R, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1);

"(1A) Le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 8* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an 31 Nollaig 2023—

(a) déanfar an míniú ar 'Plean úsáide talún' i bhfo-alt (1) a fhorléiriú agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (e):

'(f) fadú atá beartaithe ar ré plean forbartha láithrigh;',

agus

(b) sa Chuid seo, déanfar tagairt do 'dréacht-Phlean úsáide talún' nó do 'Plean úsáide talún' a fhorléiriú agus beidh éifeacht léi mar thagairt a fholaíonn tagairt d'fhadú atá beartaithe ar ré plean forbartha láithrigh

dá dtagraítear i mír (f) den mhíniú ar 'Plean úsáide talún' (a chuirtear isteach le *halt 8* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021*).",

agus

(b) in alt 177S, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 8* den *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021* i ngníomh agus dar críoch an 31 Nollaig 2023, déanfar an t-údarás inniúil sa Stát dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a fhorléiriú agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (h):

'(i) i ndáil le fadú atá beartaithe ar ré plean forbartha láithrigh, an t-údarás pleanála arb i leith a limistéir a bheartaítear an plean forbartha a fhadú ó thaobh a ré de.'.".

**Leasú ar alt 181 d'Acht 2000**

**9.** Leasaítear alt 181 d'Acht 2000—

(a) i bhfo-alt (2)(a)—

(i) trí "ag Aire den Rialtas, ag na Coimisinéirí nó ag gnóthaire reachtúil" a chur in ionad "ag Aire den Rialtas nó ag na Coimisinéirí', agus

(ii) trí "(seachas ailt 50, 50A, 50B agus 181)" a chur isteach i ndiaidh "a fhoráil, le hordú, nach mbeidh feidhm ag an Acht seo",

(b) i bhfo-alt (2A)—

(i) i mír (a)—

(I) trí "I bhfo-ailt (2) go (2AA) " a chur in ionad "San fho-alt seo agus i bhfo-ailt (2B) go (2AA) ",

(II) i gclásal (II) d'fhomhír (ii), trí "thar a gceann, nó" a chur in ionad "thar a gceann, agus",

(III) i bhfomhír (ii), tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (II):

"(III) i gcás go mbeartaíonn gnóthaire reachtúil forbairt dá dtagraítear san fho-alt seo nó i bhfo-alt (2)(a) a dhéanamh, nó go mbeartaítear go ndéanfar an fhorbairt thar cheann an chéanna, an tAire den Rialtas atá freagrach as an achtachán nó as ionstraim faoi achtachán lena ndéantar, nó faoina ndéantar, an gnóthaire reachtúil a údarú, agus",

(IV) i bhfomhír (iii), trí "ag Aire den Rialtas, ag na Coimisinéirí nó ag gnóthaire reachtúil" a chur in ionad "ag Aire den Rialtas nó ag na Coimisinéirí",

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

"(aa) San fho-alt seo, tá le 'achtachán' an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005.",

(c) i bhfo-alt (2A)(b), trí "I gcás go bhfuil beartaithe ag Aire lena mbaineann nó ag gnóthaire reachtúil forbairt a dhéanamh, nó go bhfuil beartaithe forbairt a dhéanamh thar ceann an chéanna," a chur in ionad "I gcás go bhfuil beartaithe ag Aire lena mbaineann forbairt a dhéanamh, nó go bhfuil beartaithe forbairt a dhéanamh thar ceann an chéanna,",

(d) i bhfo-alt (2A)(e), trí "gurb é nó í an tAire nó gnóthaire reachtúil a dhéanfaidh í, nó go ndéanfar í thar ceann an chéanna" a chur in ionad "gurb é nó í an tAire a dhéanfaidh í, nó go ndéanfar í thar ceann an chéanna", agus

(e) i bhfo-alt (2L)(b), trí "Déanfaidh an tAire lena mbaineann nó gnóthaire reachtúil" a chur in ionad "Déanfaidh an tAire lena mbaineann".

**Leasú ar an gCúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000**

**10.** Leasaítear an Cúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000 i mír 13—

(a) i bhfomhír (e), trí "ina n-aonaid ar leithligh;" a chur in ionad "ina n-aonaid ar leithligh.", agus

(b) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (e):

"(f) na daoine d'aicme nó de thuairisc ar leith a bhféadfadh gur acu amháin a bheadh an úsáid a dhéanfar de mar theaghais.".

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**11.** (1) Féadfar an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 340311